Rewarding Learning

Centre Number

| 71 | |
|---|---|

Candidate Number

**ADVANCED SUBSIDIARY (AS)**
**General Certificate of Education**
**2014**

# Irish

## Assessment Unit AS 2
## (Sections B and C)

*assessing*

## Reading and Extended Writing

**[AI122]**

**WEDNESDAY 4 JUNE, MORNING**

AI122

**TIME**

2 hours 5 minutes.
Candidates are advised to spend 1 hour and 5 minutes on Section B and 1 hour on Section C.

**INSTRUCTIONS TO CANDIDATES**

Write your Centre Number and Candidate Number in the spaces provided at the top of this page.
Write your answers in the spaces provided in this question paper.
Section B: answer **all** questions.
Section C: answer **one** question.

**INFORMATION FOR CANDIDATES**

The total mark for this paper is 100:
50 marks for Section B and 50 marks for Section C.
Figures in brackets printed down the right-hand side of pages indicate the marks awarded to each question or part question.
You are provided with an insert for use with Questions **1** and **2** of Section B in this paper.
The use of a dictionary is **not** permitted.

**Additional Materials Required:**
None.

| For Examiner's use only | |
|---|---|
| Question Number | Marks |
| B1 | |
| B2 | |
| B3 | |
| C1/C2 | |
| **Total Marks** | |

8655

www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

BLANK PAGE



www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

## Section B: Reading

| Examiner Only | |
|---|---|
| Marks | Remark |

1 **Léigh an t-alt agus freagair na ceisteanna a leanann.**
(See Insert.)

**Aimsigh san alt focal/frása atá ar comhchiall le gach ceann acu seo:**

**(i)** an méid sin ráite

______________________________ [1]

**(ii)** le déanaí

______________________________ [1]

**(iii)** rud éigin a dhéanamh maidir leis an chrá

______________________________ [1]

**(iv)** go háirithe

______________________________ [1]

**(v)** de réir a chéile

______________________________ [1]

**Marks for AO2 [5]**


www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

**2 Freagair as Gaeilge na ceisteanna a leanas. Cuirtear i gcuimhne don iarrthóir go bhfuil sé ceadmhach focail aonair agus frásaí a úsáid as an téacs. Ní mholtar freagraí a bhaint focal ar fhocal as an téacs.** (See Insert.)

| Examiner Only | |
|---|---|
| Marks | Remark |

**(i)** Cad é an ról atá ag Liam de Róiste?

______________________________

______________________________

______________________________ [3]

**(ii)** Luaigh rud amháin a dúradh faoi dhaltaí aeracha sa leabhrán a foilsíodh.

______________________________

______________________________ [2]

**(iii)** De réir na bhfigiúirí, cad é an rud a chuala chóir a bheith gach múinteoir?

______________________________

______________________________ [2]

**(iv)** Cad é a dúirt sé déag faoin chéad de na múinteoirí i dtaca le daltaí homaighnéasacha?

______________________________

______________________________ [2]

**(v)** Cad é an polasaí atá le fáil go forleathan sna scoileanna, de réir an údair?

______________________________

______________________________ [2]

**(vi)** Cén cineál cláir ina bhfeictear daoine aeracha sa lá atá inniu ann? Luaigh **dhá** chineál cláir.

______________________________

______________________________ [2]


www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

**(vii)** Cén fhianaise a thugtar a léiríonn gur clár nua-aimseartha é *Ros na Rún*? Luaigh **dhá** rud.

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________ [2]

**Marks for AO2 [15]**

**Marks for AO3 [10]**

**Total marks [25]**

| Examiner Only | |
|---|---|
| Marks | Remark |
| | |



www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

3 **Aistrigh go Béarla**

Is fear grinn é Deasún Mac an Easpaig, nó Des Bishop mar is fearr aithne air, a tháinig ar an saol i Nua Eabhrac.

Is Éireannaigh a mháthair agus a athair agus, cé gur tógadh thall i Meiriceá é, tháinig a theaghlach a chónaí in Éirinn nuair a bhí Des óg.

Déanann Des cur síos greannmhar ar shaol na hÉireann ach tá i bhfad níos mó ná scéalta grinn i gceist lena chuid oibre.

Ar ndóigh, tá aithne mhaith ag foghlaimeoirí Gaeilge air mar thoradh ar an tsraith teilifíse a rinne sé dar teideal *In the Name of the Fada*.

Bhí an tsraith lonnaithe i gConamara, áit a raibh cónaí ar Des ar feadh bliana agus é ag iarraidh Gaeilge a fhoghlaim.

D'éirigh go maith leis, mar tá sé ábalta seó a dhéanamh trí mheán na Gaeilge anois. Ina chéad chlár eile, beidh fadhb an ólacháin in Éirinn faoi chaibidil aige. Lean ort, a Des!

| Examiner Only | |
|---|---|
| Marks | Remark |



www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

| Examiner Only | |
|---|---|
| Marks | Remark |

**Marks for AO2 [20]**



www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

## Section C: Extended Writing

**Freagair i nGaeilge ceann amháin den dá cheist. Scríobh 200–250 focal.**

**1 Relationships**

**Léigh an t-alt**

**Tuismitheoirí aineolacha**

Is deacair comhairle a ghlacadh ó thuismitheoirí nach dtuigeann saol aos óg an lae inniu. Níl aon chur amach acu ar na brúnna a bhíonn ar dhaoine óga, ar chastachtaí an tsaoil s'acu, agus ar an luas a théann le saol an duine óig.

Sna laethanta fadó, bhí ról lárnach ag tuismitheoirí i dtógáil a bpáistí – ach bhí an saol inar mhair na daoine seo iomlán difriúil leis an saol ina bhfuilimid anois.

**Scríobh aiste ar an ról atá ag tuismitheoirí i dtógáil a gcuid páistí. Pléigh na pointí seo i do fhreagra:**

- ról an tuismitheora i dtógáil páistí sa lá atá inniu ann
- na fadhbanna a bhíonn ag tuismitheoirí in Éirinn an lae inniu
- na difríochtaí idir ról an tuismitheora inniu agus ról an tuismitheora fadó.

**NÓ**

**2 Young People in Society**

**Léigh an fógra**

**GAELCHAIRDE**
Eagraíocht úr Ghaeilge do dhéagóirí.

Seirbhísí oideachais, oiliúna agus comhairleoireachta ar fáil trí mheán na Gaeilge.

Imeachtaí sóisialta in atmaisféar dearfach agus fáilteach.

Cuirfear tús leis an ghrúpa seo i do cheantar i Mí Mheán Fómhair.

**AR MHAITH LEAT BHEITH PÁIRTEACH?**

**Ba mhaith leat taithí oibre a fháil in eagraíocht Ghaeilge. Scríobh cur síos ort féin a léiríonn:**

- an taithí atá agat i saol na Gaeilge
- na fáthanna ar mhaith leat taithí oibre a fháil leis an Ghaeilge
- na scileanna atá agat a chuideoidh leat san ionad oibre agus tú ag obair in eagraíocht Ghaeilge.


www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

| Examiner Only | |
|---|---|
| Marks | Remark |


www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

| Examiner Only | |
|---|---|
| Marks | Remark |



www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

| Examiner Only | |
|---|---|
| Marks | Remark |

**Marks for AO2 [20]**

**Marks for AO3 [30]**

**Total marks for Extended Writing [50]**



www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

Permission to reproduce all copyright material has been applied for.
In some cases, efforts to contact copyright holders may have been unsuccessful and CCEA will be happy to rectify any omissions of acknowledgement in future if notified.



www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

**For use with Questions 1 and 2 of Section B**

## Tromaíocht homafóbach agus daoine aeracha sna meáin

Tá méid áirithe dul chun cinn déanta sa troid ar son chothrom na Féinne do dhaoine aeracha. Mar sin féin, tá bulaíocht homafóbach le feiceáil go fóill i gcuid mhór scoileanna, de réir Liam de Róiste, urlabhraí thar ceann grúpa aerach i gCorcaigh.

I mbróisiúr a chuir siad amach ar na mallaibh, deirtear "gur cuid thábhachtach de gach scoil iad na daltaí homaighnéasacha agus go gcuireann siad le saol na scoile." I gcuid mhór cásanna, áfach, ní ghlactar leo go hoifigiúil ná go hoscailte. Go minic ní dhéanann údaráis na scoile ná na múinteoirí go leor chun iad a chosaint nuair a chaitear go holc leo.

Taispeánann na figiúirí gurb olc an scéal é go ginearálta. Chuala 97% de mhúinteoirí caint mhaslach i dtaobh daltaí homaighnéasacha. Dúirt 16% de mhúinteoirí go raibh ionsaithe fisiceacha ag tarlú do dhaltaí homaighnéasacha ar scoil. Is léir nach ndéantar go leor le dul i ngleic leis an chiapadh a fhulaingíonn na daltaí seo.

In ainneoin go bhfuil polasaí frithbhulaíochta ag chóir a bheith gach scoil, ní luaitear tromaíocht homafóbach ach i 32% de na polasaithe sin. Cé go mbíonn ranganna OSPS (Oideachas Sóisialta Pearsanta agus Sláinte) i ngach aon scoil, ní dhéanann ach 37% de na cúrsaí sin tagairt don homaighnéasachas.

I laethanta ár dtuismitheoirí ní raibh mórán cainte ann faoin taobh sin de nádúr an duine, go mór mór sna meáin chumarsáide. Inniu tá carachtair aeracha le feiceáil i ngach sobaldráma, i gcuid mhór de na cláir ghrinn, agus fiú sna sraitheanna fuilteacha bleachtaireachta. Tuigtear, mar sin, gur rud normálta é carachtar homaighnéasach a fheiceáil i ngrá, croíbhriste, ag gáire, ag caoineadh, ag amaidí nó le gunna ina láimh!

Ba é *Ros na Rún* an chéad sobaldráma Éireannach a raibh carachtar aerach ann. Baineadh geit as go leor den lucht féachana nuair a phóg Jack Hayes a pháirtí Tom ar ár scáileáin sa bhliain 1996. Tá sé deacair é a shamhlú anois, ach ag an am ba rud suntasach é dár dtír bheag choimeádach. Ó shin i leith, chonaic muid lánúin leispiach ar an chlár chéanna. Nuair a phóg siadsan in 2009, áfach, ní ábhar iontais a bhí ann. Tá comhionannas ag teacht diaidh ar ndiaidh.



www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers